



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY



# Saoránacht Fuinnimh: Cúig chás-staidéar



This project has received funding from the European Union's Horizon 2020 research and innovation programme under grant agreement No 101022492.

## **Réamhrá**

Léirítear cúig chás-staidéar mhionsonraithe ar shaoránacht fuinnimh in Éirinn sa cháipéis seo. Eascraíonn na torthaí as taighde a rinne taighdeoirí Ollscoil na Gaillimhe, an tOllamh Frances Fahy agus an Dochtúir Benjamin Schmid, mar chuid de thionscadal taighde uile-Eorpach, EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation).[EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)].

## **Forbhreathnú ar an Tionscadal**

Tionscadal faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe ab ea EnergyPROSPECTS a raibh **sé mar aidhm aige creat coincheapúil nuálach a fhorbairt chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaoránacht fuinnimh san Eoraip**. Maoinithe faoi chlár Fís 2020 an Aontaigh Eorpaigh, bhí naoi gcomhpháirtí taighde (ollscoileanna, institiúidí taighde, fiontair agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) ó Éirinn, ón mBeilg, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón mBulgáir, ón bhFrainc, ón Laitvia, ón nGearmáin agus ón Spáinn sa chuibhreannas tionscadail. Ba í an tOllamh Frances Fahy as Gaillimh a bhí mar cheannaire ar an tionscadal. “Táim thar a bheith bródúil as a bheith ag obair inár n-ollscoil den chéad scoth a ghlac le hInbhuanaitheacht mar cheann dá croíluachanna” a deir an tOllamh Frances Fahy. “Tá dul chun cinn mór á dhéanamh ag Ollscoil na Gaillimhe maidir le dul i ngleic le dúshlán forbartha inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn sa tsochaí agus táimid ag obair chun ár gcéimithe a fhorbairt mar cheannairí inbhuanaitheachta amach anseo. **In Institiúid Uí Riain i nGaillimh táimid chun tosaigh i dtaighde eolaíochta sóisialta fuinnimh go hidirnáisiúnta agus is ionann an tionscadal EnergyPROSPECTS agus ceann de na tionscadail Eorpacha cheannródaíoch seo atá ag obair chun roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a chur chun cinn, lena n-áirítear SFI7, fuinneamh inacmhainne agus glan agus SFI11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe”.**

Rinneadh iarracht le EnergyPROSPECTS na ceisteanna taighde seo a leanas a fhreagairt:

1. Cé na cineálacha saoránachta fuinnimh atá le fáil san Eoraip sa lá atá inniu ann? Conas is féidir linn an éagsúlacht a chur san áireamh?
2. An bhfaighimid na foirmeacha céanna i réigiúin/tíortha éagsúla na hEorpa?
3. Cad iad na comhthéacsanna ina dtagann cineálacha éagsúla saoránachta fuinnimh chun cinn agus ina bhforbraíonn siad?

Léirítear torthaí an tionscadail i **roinnt croí-thorthaí inréadaithe a leagann béim ar chultúr na saoránachta fuinnimh atá ag fás san Eoraip**.

## **Saoránacht Fuinnimh a Shainmhíniú**

Ba é príomhspríoc EnergyPROSPECTS saoránacht fuinnimh a shainmhíniú agus an tábhacht léi a thaispeáint. Bíodh is gur cosúil nach bhfuil an téarma saoránacht fuinnimh in úsáid go forleathan i ndioscúrsa poiblí ar fud na hEorpa ar fad, is minic a thagraítear do shaoránacht fuinnimh laistigh de réimse an bheartais i dtaca le táirgeoir is tomhaltóir fuinnimh agus pobail fuinnimh. Leathnaíonn EnergyPROSPECTS an ceangal seo chun cineálacha breise rannpháirtíochta aonair

agus coitinn leis an gcóras fuinnimh a chur san áireamh. Is féidir a áireamh leis sin fearais coigilte fuinnimh a úsáid, réitigh fuinnimh in-athnuaite a roghnú, feithiclí leictreacha a úsáid, agus páirt a ghlacadh i bpróisis pholaitiúla phoiblí, ar nós léirsithe gníomhaithe ar son na haeráide.

Go hachomair, **déanann go leor daoine teagmháil le saoránacht fuinnimh de chineál éigin, go fiú mura bhfuil siad ar an eolas faoi. Is bealach é saoránacht fuinnimh trínar féidir le daoine a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach le córais fuinnimh. Tá sé seo ríthábhachtach toisc go ndéanann sé léiriú na saoránach a athchruthú mar fhaighteoirí éighníomhacha an aistrithe fuinnimh agus iad a athrú ina gcomhchruthaitheoirí gníomhacha.**

### **Saoránacht Fuinnimh san Eoraip a Mhapáil**

D'aithin agus scrúdaigh EnergyPROSPECTS raon saincheistanna leathana sa tsaoránacht fuinnimh, rud a chruthaigh bunachar sonraí de 596 cás saoránachta fuinnimh ó gach cearn den Eoraip. Léirítear an bunachar sonraí mar léarscáil idirghníomhach a léiríonn raon feidhme na saoránachta fuinnimh san Eoraip.

Ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór cásanna agus tionscnamh ann a chomhlíonfadh sainmhíniú an tionscadail, chinn cuibhreannas an tionscadail go gclúdódh agus go ndéanfadh an ghníomhaíocht mapála saoránachta fuinnimh cásanna a raibh an méid a leanas infheidhme leo:

- go bhfuil siad bunaithe i dtíortha Eorpacha (lena n-áirítear tíortha AE, LEE agus tíortha aontachais);
- go bhfuil siad gníomhach faoi láthair nó gur tugadh i gcrích iad tráth nach luaithe ná 2015 nuair a foilsíodh Straitéis an Aontais Fuinnimh;
- go bhfuil siad dírithe ar tháirgeadh agus/nó ar thomhaltas díreach fuinnimh (e.g., lena mbaineann tithe, eagraíochtaí, etc.), ar shoghluaisteacht (a bhfuil nasc díreach aici le saincheistanna fuinnimh), nó orthu siúd a bhfuil fócas níos iomlánaíche acu ar fhuinneamh inbhuanaithe agus cóir.

Cuimsíonn léarscáil idirghníomhach EnergyPROSPECTS 20 cás ó Éirinn. I measc na gcásanna seo tá samplaí de shaoránacht fuinnimh aonair, mar shampla Lorna Gold (údar, léachtóir, agus gníomhaí aeráide) agus Paul Kenny (iar-Phríomhfheidhmeannach Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann), agus saoránacht fuinnimh chomhchoiteann, ar nós Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath agus Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh (RISEC).

Roghnaigh taighdeoirí Ollscoil na Gaillimhe, an tOllamh Frances Fahy agus an Dochtúir Benjamin Schmid an 20 cás as Éirinn. **Ba é an cuspóir éagsúlacht na bhfoirmeacha a aithint seachas ionadaíocht a chinntiú. Mar sin, níl sé mar aidhm ag an tuarascáil seo gach sampla de shaoránacht fuinnimh in Éirinn a léiriú, in ionad sin léirítear éagsúlacht na samplaí.**



I mí Mheán Fómhair 2023, d'eagraigh foireann tionscadail EnergyPROSPECTS na hÉireann in Ollscoil na Gaillimhe dhá cheardlann i mBaile Átha Cliath freisin i gcomhar le comhpháirtithe ó Ollscoil Maastricht (NL) agus ó Institiúid Jacques Delors (FR). Le grúpa 14 rannpháirtí ag déanamh ionadaíochta ar phobail, ar an rialtas áitiúil agus náisiúnta agus ar an saol acadúil, tugadh aghaidh sa cheardlann ar an ról is féidir le saoránaigh a imirt in aistriú fuinnimh na hÉireann agus ar an gcaoi ar féidir tionchar claochlaitheach na saoránachta fuinnimh a fheabhsú. I measc na

rannpháirtithe bhí ionadaithe ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

### **Sraith Bileog Eolais agus Próifílí Tíre a Fhoilsiú**

I sraith foilseachán, rinneadh anailís sa tionscadal ar mhapáil na saoránachta fuinnimh san Eoraip: Sraith Bileog Eolais agus Próifílí Tíre.

Torthaí ón tSraith Bileog Eolais: chinn EnergyPROSPECTS **deich gcineál saoránachta fuinnimh idéalach (tíopeolaíocht)**. Léirítear na deich gcineál seo mar seo a leanas:

AGENCY	INDIVIDUAL			COLLECTIVE	
	PRIVATE (HOUSEHOLD)	ORGANISATIONALLY EMBEDDED (E.G., WORKPLACE)	PUBLIC	CITIZEN-BASED AND HYBRID	SOCIAL MOVEMENTS
<b>REFORMATIVE</b> 	<b>1. DO THEIR BIT</b> (in the household) Complying with the green energy transition	<b>3. DO THEIR BIT</b> (within organisations) Energy citizenship within organisations	<b>5. MAKE THEIR VOICE HEARD</b> Participating in societal energy discussions	<b>7. DO THEIR SHARE</b> Joining green energy projects	<b>9. DO THE JOB</b> Facilitating the energy transition through alignment activities
<b>TRANSFORMATIVE</b> 	<b>2. DO THEIR OWN</b> (in the household) The change-making energy citizen	<b>4. DO IT THEIR WAY</b> (within organisations) The energy-related change maker in organisations	<b>6. MAKE THEIR VOTE COUNT</b> Mobilising votes for energy transition	<b>8. GO AHEAD</b> Building, expanding and linking citizen-based organisational forms	<b>10. MAKE THEIR CLAIM</b> Protesting against the current energy system

Cinneann miondealú ar chásanna na hÉireann **go raibh beagnach an tríú cuid díobh (30.0%) rangaithe mar Chineál 5 de réir “Athshlánaitheach – Poiblí”**. Rangaíodh 30.0% eile **mar Chineál 8, “Claochlaitheach – Bunaithe ar Shaoránaigh agus Hibrídeach”**. Cineálacha eile a raibh baint ag cásanna leo ná Cineál 1 “Athshlánaitheach – Príobháideach” agus Cineál 10 “Claochlaitheach – Gluaiseachtaí sóisialta”, i 10.0% de na cásanna mapáilte an ceann.

Torthaí ó **Phróifíl Tíre: Éire:**

- Díríonn níos mó ná leath de na cásanna mapáilte (60.0%) **ar athrú iomlánaíoch, níos leithne**; is **tionscnaimh a bhaineann go sonrach le fuinneamh** iad céatadán **níos lú** (30.0%); níl ach an deichiú cuid (10.0%) dírithe go príomha ar **shoghluaisteacht**.
- Tá **tromlach beag (55.0%) de chásanna Éireannacha mapáilte sa bhunachar sonraí comhchoiteann** (m.sh., Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh, Fridays For Future Ireland nó Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árainn) agus is **cásanna aonair iad 45.0%** (Trealamh Coigilte Fuinnimh Baile nó Cara Augustenborg).

- Díríonn an cúigiú cuid de na cásanna mapáilte (20.0%) ar shaincheisteanna a **bhaineann le grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cosúil leo siúd a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh, mionlaigh, etc.** (e.g Gníomhaíocht Fuinnimh).
- Tá an cúigiú cuid de na cásanna **(20.0%) lonnaithe i gceantair uirbeacha** (m.sh. Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh, Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath). Díríonn an ceathrú cuid de na cásanna **(25.0%) ar cheantair thuaithe** (lena n-áirítear pobail iargúlta, oileáin, srl.) (m.sh., Pobail Fuinnimh - Comharchumann Thiobraid Árann, Sráidbhaile Éiceolaíoch ag Cloch Shiurdáin, Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann).
- Tá formhór (80.0%) na gcásanna a iontráladh sa bhunachar **fós gníomhach**.
- **Spreagadh:** féachann an sciar is mó de chásanna mapáilte le **daoine eile a spreagadh agus díospóireacht ar shaincheisteanna fuinnimh agus/nó aeráide a chumasú**.
- **Cé a chuir tús leis na tionscnaimh:** I bhformhór chásanna na hÉireann, **ba bheirt nó níos mó daoine aonair nó grúpa neamhghníomhaíocht daoine aonair a bhí mar ghníomhaithe tionscnaimh** (grúpa pobail san áireamh): i níos mó ná aon trian de na cásanna mapáilte (35.0%), aithníodh iad mar **ghníomhaithe tábhachtacha** (e.g., Pobail Fuinnimh - Comharchumann Thiobraid Árann, Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh).
- **Scála na hoibríochta:** Oibríonn beagnach leath (45.0%) de chás mapáilte na hÉireann nó bíonn gníomhaithe ar scála náisiúnta páirteach ann, agus beagnach an **tríú cuid (30.0%) ar scála réigiúnach**. Oibríonn trian eile **(35.0%) nó bíonn gníomhaithe i ceist ag scála bardasach/áitiúil nó ag scála níos ísle**.
- Tá formhór chásanna na hÉireann **(60.0%) mar chuid de líonra tionscnamh comhchosúil**.
- **Maoiniú:** fuarthas amach gurb ionann an tríú cuid de (30.0%) – **de mhaoiniú poiblí náisiúnta agus an phríomhfhoinsé maoinithe**

### Cás-staidéir mhionsonraithe

Ón mbunachar sonraí de 596 cás, roghnaigh taighdeoirí EnergyPROSPECTS ó gach cearn den Eoraip daichead cás le haghaidh grinn-anailíse a fhiosraíonn **forbairt, meastóireacht, idirghabhálaithe, institiúidí, rialachas, agus TFC i gcórais fuinnimh**.

Roghnaigh taighdeoirí Ollscoil na Gaillimhe, an tOllamh Fahy agus an Dochtúir Schmid EnergyPROSPECTS, 5 chás as Éirinn le haghaidh grinn-anailíse:

- Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann, CFOAT
- Tionól Saoránach ar “Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide”
- Comhairliúchán Poiblí EirGrid: Shaping Our Electricity Future [Ár dToghchaí Leictreachais a Mhúnlú]
- Pobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann (ECTC)
- Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe

Sonraíonn an Dochtúir Schmid go bhfuil saoránacht fuinnimh in Éirinn tagtha chun cinn le blianta beaga anuas ó **‘saoránacht fuinnimh a leathnú ón ghné phríobháideach, áit a mbaineann sé le cumhachtú maidir le cleachtais fuinnimh an duine aonair féin, go dtí an ghné phoiblí, áit a bhfuil comhroinnt i gceist leis an tsaoránacht san fhéinrialú’**. Tá an leathnú seo le feiceáil agus tá measúnú déanta air i ngach cás saoránachta fuinnimh in Éirinn atá faoi réir grinn-anailíse.



### Údair na gcás-staidéar

#### Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:

Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

Frances Fahy, Ollscoil na Gaillimhe

Michael Lydon, Ollscoil na Gaillimhe



## Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann



### Achoimre

Is éard atá i gComharchumann Fuinnimh Oileáin Árann comharchumann fuinnimh faoi úinéireacht an phobail ar Oileáin Árann i mbéal Chuan na Gaillimhe. Tríd an gcomharchumann, tá sé de sprioc ag cónaitheoirí na dtí oileán a bheith níos neamhthuilleamaíche i ndáil le fuinneamh glan faoi úinéireacht áitiúil agus geilleagar áitiúil na n-oileán a fhorbairt, ag baint na dtairbhí a d'eascródh as sin. Baineann na príomhghníomhaíochtaí le héifeachtúlacht fuinnimh agus aísfheistiú tithe, giniúint fuinnimh in-athnuaite, leictriú na soghluaisteachta agus rannpháirtíocht i dtionscadail taighde.

### Cén fáth gur cás saoránachta fuinnimh é?

Tá an cás eiseamláireach mar phobal fuinnimh atá iomlánaíoch ó thaobh an fhuinnimh de agus comhpháirteachas poiblí láidir ag gabháil leis. Ní hamháin go mbaineann cuspóir an chomharchumainn le saincheisteanna aeráide, ach baineann sé le marthanas pobail oileánda neamhspleách freisin agus tá sé nasctha le huaimhianta agus gníomhaíochtaí claochlaitheacha fairsinge.



HOLISTIC



COLLECTIVE



RURAL


## Spriocanna



1. An daonra ar na trí oileán a chobhsú agus a mhéadú go hinbhuanaithe;
2. Teanga, cultúr agus oidhreacht na dt trí oileán a chothú;
3. Íogaireacht i ndáil le háilleacht agus saibhreas na timpeallachta nádúrtha ar na hoileáin;
4. Méadú ar chompord, éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht na dtithe agus an iompair;
5. Trí Oileán Árann a chur chun cinn mar phobail lóchrainn lena dtabharfar spreagadh, tacaíocht agus eiseamláir i ndáil le dea-chleachtais do phobail eile in Éirinn agus ar fud na cruinne.

## An scéal agus an tíopeolaíocht

Maidir leis an gcomharchumann, a thosaigh in 2012, níor tháinig aon athrú ar an bpríomhchineál saoránachta fuinnimh. Maidir leis an gcineál idéalach tánaisteach, is fiú a lua gur thosaigh sé mar ní a bhí leabaithe go heagraíochtúil agus gur athraíodh an fócas go dtí teaghlaigh ansin. Maidir le treoshuíomh an toraidh, bhí an cás claochlaitheach ar feadh a staire.



*Achoimre ar stair an cháis*

Chun an mhodheolaíocht achomhair a fháil, cliceáil [ANSEO!](#)



## Céim 1: Comharchumann Forbartha Árainn, 2012

D'eascair CFOAT as Comharchumann Forbartha Árainn in 2012. Sa chomharchumann sin, d'oibrigh grúpa daoine ar shaincheist an aistrithe fuinnimh mar fhochoiste, as ar eascair comharchumann CFOAT. Dá bhrí sin, bhain gníomhú áirithe a bhí leabaithe go heagraíochtúil leis ag tús an cháis, rud a léirítear mar chineál tánaisteach sa tábla.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	<b>4. Do it their way (within organizations)</b>	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

### Príomhchineál: Treallúsach

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

### Cineál tánaisteach: É a dhéanamh ar a mbealach féin (laistigh d'eagraíochtaí hibrideacha)

Toradh claochlaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil

## Céim 2: Na luathbhlianta, 2012-2017

Go háirithe sna chéad chúpla bliain, bhí príomhfhócas an cháis dírithe ar rannpháirtíocht sa scéim Pobail um Fhuinneamh Níos Fearr, scéim de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Mar chuid den scéim sin, tugadh tacaíocht do theaghlaigh chun a dtithe a aisfheistiú, agus teaschaidéil agus grianphainéil a fheistiú. Dá bhrí sin, léirítear athrú ón gcineál tánaisteach eagraíochtúil bunaidh cáis chuig rannpháirteachas ar leibhéal an teaghlaigh san fhíor (cineál 2).

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	<b>2. Do their own (in the household)</b>	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

### Príomhchineál: Treallúsach








Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

### Cineál tánaisteach: A n-athruithe féin a dhéanamh (laistigh den teaghlach)

Toradh claochlaitheach / Gníomhú príobháideach laistigh den teaghlach

## Céim 3: Tionscadail arna maoiniú ag an Aontas Eorpach mar phríomhchumasóir, 2017-2021

Ó thús an cháis, príomhthoisic ba ea ceannaireacht leantach crann taca tiomanta a stiúir agus a mhúnlaigh an comharchumann ó cuireadh ar bun é. Tar éis 2017, bhí an comhoibriú le comhpháirtithe acadúla i dtionscadail arna maoiniú ag an Aontas Eorpach ina phríomhchumasóir, rud a d'fhág gurbh fhéidir poist le híocaíocht a chruthú. Ní hamháin gur sholáthair na poist sin acmhainneacht ach chuir

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	<b>2. Do their own (in the household)</b>	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

siad le tiomantas leanúnach i ndáil le tuilleadh forbartha an cháis. Mar sin féin, toisc gur braitheadh

ar mhaoiniú an tionscadail, cuireadh as don chás freisin, go pointe áirithe, toisc gur ghá tús áite a thabhairt do spriocanna an tionscadail mhaoinithe in áit spriocanna agus uaimhianta na heagraíochta.

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

**Cineál tánaisteach: A n-athruithe féin a dhéanamh (laistigh den teaghlach)**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú próbháideach laistigh den teaghlach

**Céim 4: Forbairt le déanaí tar éis athmhúnlú na spriocanna, 2022 -**

Forbairt amháin le déanaí ba ea athmhúnlú na spriocanna in 2022. Cé nár athraíodh spriocanna oibríochtúla iarbhír an cháis, lena ngabhann gnéithe claochlaitheacha suntasacha, rinneadh coigeartú ar chroíchuspóir an chomharchumainn. Tá na spriocanna nua-mhúnlaithe níos spriocdhírthe ar fholláine na n-oileánach, lena n-áirítear caomhnú an chultúir, na teanga agus fhéiniúlacht na bpobal oileánda. Is bealach é an t-aistriú fuinnimh beartaithe anois chun an cuspóir sin a bhaint amach.

	Individual			Collective	
 Reformative	 1. Do their bit (in the household)	 3. Do their bit (within organizations)	 5. Make their voice heard	 7. Do their share	 9. Do the job
 Transformative	 2. Do their own (in the household)	 4. Do it their way (within organizations)	 6. Make their vote count	 8. Go ahead	 10. Make their claims

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

**Cineál tánaisteach: A n-athruithe féin a dhéanamh (laistigh den teaghlach)**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú próbháideach laistigh den teaghlach



## Gnéithe na saoránachta fuinnimh

In 2019, bhí thart ar 100 ball sa chomharchumann, lena léirítear cion suntasach den 1,300 cónaitheoir as na trí oileán. Déantar ionadaíocht ar gach ceann de na trí oileán sa chomharchumann, leis an rannpháirtíocht i gcrúinnithe an bhoird ar a laghad. **Is é uaillmhian an chomharchumainn ná a bheith ionadaíoch ó thaobh phobal na dtrí oileán.** Tá teagmháil déanta aige leis na pobail uile chun tacaíocht leathan a fháil dá chuspóirí straitéiseacha. Léirítear é sin sna spriocanna nua-mhúnlaithe a dhíríonn ar na tairbhí don phobal.

Cumhacht/smacht na saoránach  
**Tá smacht éifeachtach ag saoránaigh, agus ní mór a vótaí a chur san áireamh**



Príomhchuspóir den chomharchumann seo is ea aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus astaíochtaí carbóin a laghdú. **Ina 'Máistirphlean Fuinnimh', múnlaítear an uaillmhian chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach ar Oileáin Árann faoi 2022.**


Teorainn charbóin  
**Aithint fhollasach agus lua/cuspóir i ndáil leis an lorg carbóin uasta a bhaint amach**



Tá sé i gceist gur 'feithicil' a bheidh in CFOAT 'lenar féidir le gach cónaitheoir oileánda a gcuid tuairimí a roinnt maidir leis an aistriú fuinnimh ghlain' agus 'gníomhú mar ardán oscailte ar fud na n-oileán' ina bhfuil gníomhaithe ó ghrúpaí leasmhara iomadúla, agus a dtacaíonn na grúpaí sin leis, is é sin grúpaí a chuireann an próiseas aistrithe fuinnimh ag obair'. Is sampla cruthanta é de chás ina mbíonn saoránaigh rannpháirteach i bhféinrialú daonlathach a dtimpeallachta.



Todhchaí fuinnimh dhaonlathach  
**Croí-ábhar den chás is ea todhchaí fuinnimh níos daonlathaí, agus tá sí mar chuid den fhís**



Is féidir le cónaitheoirí uile na dtrí oileán a bheith ina mbaill den chomharchumann. Lasmuigh de sin, **tá cead ag cách a bheith ag na cruinnithe bliantúla mar rannpháirtí gan cheart vótála, ní hamháin na baill.** Díríonn an cás go lárnach ar Oileáin Árann agus a scóip gheografach. Maidir leis na bearta, níl siad dírithe go sonrach ar chomhionannas a chothú laistigh de na pobail ach tá siad dírithe ar rathúlacht a chruthú agus feabhas a chur ar fhéinchinneadh Oileáin Árann ina n-iomláine.



Cóir agus ceartas  
**Tugtar rochtain chothrom, ach tá sí teoranta de thoradh critéir éagsúla**

Tá ceisteanna agus cosaint an chomhshaoil ag croílár an chomharchumainn, mar shampla san aidhm atá aige '[a bheith íogair] i ndáil le háilleacht agus saibhreas na timpeallachta nádúrtha ina bhfuil cónaí orainn'. **Luaitear an ghéarchéim bhithéagsúlachta mar phríomhfhoinsé spreagtha don chás.** Maidir le spriocanna oibríochtúla, is iad cúrsaí fuinnimh an príomhfhócas fós.



Inbhuanaitheacht comhshaoil  
**Tá inbhuanaitheacht comhshaoil mar chuid den phróiseas; is iad cúrsaí fuinnimh an príomhfhócas fós**



## Tuilleadh faisnéise



[facebook.com/AranIslandsenergy/](https://facebook.com/AranIslandsenergy/)



[www.aranislandsenergycoop.ie](http://www.aranislandsenergycoop.ie)



[comharchumannfuinnimh@gmail.com](mailto:comharchumannfuinnimh@gmail.com)



### Tagairtí

- Clean Energy for EU Islands [Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais Eorpaigh] (2019). Clean Energy Transition Agenda Aran Islands [Clár an Aistrithe Fuinnimh Ghlain, Oileáin Árann]. URL: [https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2020/01/ARAN\\_FinalTransitionAgenda\\_20191118.pdf](https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2020/01/ARAN_FinalTransitionAgenda_20191118.pdf) (Arna cheadú an 13.3.2023)
- Clean Energy for EU Islands [Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais Eorpaigh] (2020). Oileáin Árann. URL: [https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2020/01/AranIslands\\_20191115.pdf](https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2020/01/AranIslands_20191115.pdf) (Arna cheadú an 13.3.2023)
- CFOAT Aran Islands Energy Cooperative [CFOAT Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann] (2022). Draft Aims and Objectives CFOAT 2022-2032 [Dréachtaidhmeanna agus Dréachtchuspóirí CFOAT 2022-2032]. URL: <https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2022/07/proposed-new-aims-and-objectives.pdf> (Arna cheadú an 13.3.2023).
- CFOAT Aran Islands Energy Cooperative [CFOAT Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann] (2023). Suíomh Gréasáin Chomharchumann Fuinnimh Oileáin Árann. URL: <https://www.aranislandsenergycoop.ie/> (Arna cheadú an 13.3.2023).
- Rivas, M.J., Stanley, J., Forkan, G. (2018). Energy Master Plan 2018 Árainn and Inis Meáin [Máistirphlean Fuinnimh, 2018, Árainn agus Inis Meáin]. Renergia Ltd, Plan Energy Consulting Ltd. URL: <https://www.aranislandsenergycoop.ie/wp-content/uploads/2021/06/Energy-Masterplan.pdf> (Arna cheadú an 13.3.2023).
- Agallaimh le triúr a bhí bainteach leis an gcás
- Vadovics, E., Szöllőssy A., agus Vadovics K. (2023). Introduction and Methodology for the EnergyPROSPECTS Detailed Case Summary Reports [Réamhrá agus Modheolaíocht do Thuarascálacha Achoimre Cáis Mionsonraithe EnergyPROSPECTS]. EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation) [EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)]. Zenodo. <https://doi.org/10.5281/zenodo.10075408>



### Foinse na n-íomhánna

[facebook.com/AranIslandsenergy/](https://facebook.com/AranIslandsenergy/)



### Údair na gcás-staidéar

**Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:**  
Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

**Achoimre an chás-staidéir arna hullmhú ag:**  
Anita Szöllőssy agus Edina Vadovics, GreenDependent Institute

**Profáil arna déanamh ag** Simon Milton / **Athbhreithniú arna dhéanamh ag**  
rannpháirtithe cáis

## Comhpháirtithe EnergyPROSPECTS

**Ollscoil na Gaillimhe (GAL)**  
Bóthar na hOllscoile, H91 TK33, Gaillimh, Éire



**Université libre de Bruxelles (ULB),**  
Avenue Franklin Roosevelt 50-1050, An Bhruiséil, An Bheilg



**GreenDependent Institute (GDI),**  
2100 Gödöllő, Éva u. 4., An Ungáir



**Universiteit Maastricht (UM),**  
Minderbroedersberg 4-6, 6200 MD, Maastricht, An Ísiltír



**Applied Research and Communications Fund (ARC Fund),**  
Sráid Alexander Zhendov 5, 1113, Sóifia, An Bhulgáir



**Notre Europe – Institut Jacques Delors (JDI),**  
18, rue de Londres 75009, Páras, An Fhrainc



**Ollscoil na Laitvia (UL),**  
Raiņa bulvāris 19, LV-1586, Ríge, An Laitvia



**Technische Universität Berlin (TUB),**  
Straße des 17. Juni 135, 10623, Beirlín, An Ghearmáin



**Universidade da Coruña (UDC),**  
Rúa da Maestranza 9, 15001 A Coruña, An Spáinn





Tionól Saoránach maidir le ‘Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide’.



### Achoimre

In 2017, bhí tionól saoránach de 100 rannpháirtí, a roghnaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhaonra na hÉireann, páirteach i bpróiseas breithniúcháin. Tar éis dóibh comhairle neamhchlaonta fhíorasach a fháil ó shaineolaithe, iarradh orthu an cheist ‘Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide?’ a phlé. As an bpróiseas d’eascair tuarascáil ina raibh sraith moltaí lena gcur faoi bhráid an Oireachtais.

### Cén fáth gur cás saoránachta fuinnimh é?

Léirítear leis an Tionól Saoránach maidir leis an Athrú Aeráide an comhthéacs institiúideach le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach saoránach aonair i réimse na haeráide agus an fhuinnimh. Leis sin cuirtear in iúl go soiléir nach bhfuil saoránacht fuinnimh, ina foirm phoiblí, teoranta do ghníomh aonair vótála ach go bhféadfadh rannpháirtíocht i bpróiseas breithniúcháin ar leith a bheith i gceist léi.



HOLISTIC



INDIVIDUAL



## Spriocanna

1. Ligean do shampla ionadaíoch den phobal éisteacht le cur i láthair ó shaineolaithe agus grúpaí sochaí sibhialta agus a bheith páirteach i bplé stuama réasúnta, ag cloí le prionsabail an daonlathais dhioscúrsaigh.
2. Múnú moltaí don Oireachtas maidir leis an gcaoi ar féidir leis an Stát dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.
3. Cur le rannpháirtíocht phoiblí fhairsing agus leis an bplé náisiúnta ar an tsaincheist de réir na moltaí

## An scéal agus an tíopeolaíocht

Gníomhú poiblí atá i gceist leis an dearcadh ar shaoránacht fuinnimh, a mhéid a bhaineann leis an Tionól Saoránach maidir le 'Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide'. Tá príomhchineál idéalach an cháis níos athshlánaithí (Cineál 5, 'A dtuairim a chur in iúl'), ach gabhann roinnt gnéithe clochlaitheacha leis freisin (Cineál 6, 'A vóta a chaitheamh' ar cineál tánaisteach é).

### Cineál 5: A dtuairim a chur in iúl

Toradh athshlánaiteach / Gníomhú aonair



2017

### Cineál 6: A vóta a chaitheamh



Achoimre ar stair an cháis

Chun an  
mhodheolaíocht  
achomhair a  
fháil, cliceáil  
[ANSEO](#)



Imeacht aonuaire in 2017 a bhí i gceist leis an tionól aeráide mar chás. Níl sé ar bun fós.

Cinneadh ábhar ginearálta an Tionóil i sainordú an Oireachtais ach ba shaincheist ríthábhachtach é socrú an chláir oibre do na saincheisteanna sonracha a raibh aghaidh le tabhairt orthu. Mar ullmhúchán don Tionól, rinneadh Grúpa Stiúrtha ar a raibh deichniúr comhaltaí tofa den Tionól, a d’ullmhaigh, i gcomhar leis an Rúnaíocht, dréachtchlár oibre. Chuir aighneachtaí arna ndéanamh ag an bpobal roimh an imeacht leis an bpróiseas sin.

Ag an imeacht féin, iarradh ar an lánchruinniú de shaoránaigh rannpháirteacha ionchur a thabhairt, rud lenar tugadh cumhacht shuntasach dóibh i ndáil le múnú an phlé agus ábhar an Tionóil. Le hullmhúchán na ndr éachtmholtaí, a gcaithfeadh an Tionól vóta ina leith, bhain próiseas atriallach comhchosúil idir an Rúnaíocht agus comhaltaí an Tionóil. Thairis sin, thacaigh Sainghrúpa Comhairleach leis an bpróiseas sin.

Bhain cuid mhór den phlé le beachtú fhocláocht chruinn na moltaí fad a cinntíodh go raibh an plé cóir, faisnéiseach agus bunaithe ar fhianaise – bunphrionsabail an daonlathais dhioscúrsaigh.

Ar an iomlán bhí cumhacht ghníomhach shuntasach ag na saoránaigh rannpháirteacha i ndáil le socrú an

chláir oibre maidir leis an athrú aeráide in Éirinn. Agus cé nach raibh na moltaí arna ndéanamh ag an Tionól éigeantach ar bhonn foirmiúil, níorbh fhéidir leis an Oireachtas neamhaird a thabhairt orthu i múnú an bheartais fuinnimh ina dhiaidh sin. Dá réir sin, ó thaobh na saoránachta fuinnimh de, gníomhú poiblí atá i gceist leis an gcás seo. Tá príomhchineál idéalach an cháis níos athshlánaithí (Cineál 5), toisc nach raibh sé éigeantach. Fós féin, gabhann roinnt gnéithe claochlaitheacha leis (Cineál 6, ar cineál tánaisteach é), toisc go raibh saoránaigh rannpháirteach agus bhí tionchar suntasach acu ar na torthaí.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	<b>5. Make their voice heard</b>	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	<b>6. Make their vote count</b>	8. Go ahead	10. Make their claims

**Príomhchineál: A dtuairim a chur in iúl**  
Toradh athshlánaítheach / Gníomhú poiblí

**Cineál tánaisteach: A vóta a chaitheamh**  
Toradh claochlaitheach / Gníomhú poiblí





## Gnéithe na saoránachta fuinnimh

Bhí cumhacht ghníomhach shuntasach ag na saoránaigh rannpháirteacha i ndáil le socrú an chláir oibre a bhain leis an méid ar mhian leo plé a dhéanamh air. **Bhain dlisteanacht láidir leis na moltaí a lean agus ba dheacair neamhaird a dhéanamh orthu, cé nach raibh siad éigeantach ar bhonn foirmiúil.** Príomh-shaincheist ba ea cáilíocht an phlé a chinntiú de réir phrionsabail an daonlathais dhioscúrsaigh a threoraigh an Tionól. Bhí sé tábhachtach plé a bhí 'cóir, faisnéiseach agus bunaithe ar fhianaise' a chruthú.

Cumhacht/smacht na saoránach  
**Is féidir le saoránaigh a dtuairimí a chur in iúl, ach ní gá ceann a thabhairt dá gcuid tuairimí**



De thoradh an fhócais ar an athrú aeráide, ba iad astaíochtaí carbóin agus an gá leis an spríoc 1.5 °C a bhaint amach saincheisteanna lárnacha an cháis. **Leis na moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an Stát astaíochtaí carbóin a laghdú cumhdaíodh na hearnálacha iompair, fuinnimh agus talmhaíochta mar gheall ar an ról lárnach atá acu i ndáil le hastaíochtaí carbóin na hÉireann.**


Teorainn charbóin  
**Aithint fhollasach agus lua/cuspóir i ndáil leis an lorg carbóin uasta a bhaint amach**



Croíchuspóir na dTionól Saoránach is ea glór níos láidre a thabhairt do shaoránaigh i ndáil le déanamh beartais – ar ábhar na haeráide, lena n-áirítear fuinneamh, sa chás seo. **Chloígh an cás le prionsabail an daonlathais dhioscúrsaigh.** Cé nach bhfuil na moltaí éigeantach ar bhonn foirmiúil, méadaíodh leo an brú ar an rialtas agus méadaíodh an dlisteanacht chun gníomhú i ndáil le rialachas a bhaineann leis an aeráid.



Todhchaí fuinnimh dhaonlathach  
**Croí-ábhar den chás is ea todhchaí fuinnimh níos daonlathaí, agus tá sí mar chuid den fhís**



FOCUS ON  
DISADVANTAGED  
GROUPS

Cé gur randamaíodh rochtain ar an Tionól agus go raibh sí teoranta d'fhormhór na saoránach dá réir sin, dearadh é chun bheith ina shampla ionadaíoch de mhuintir na hÉireann i ndáil le tosca a bhain le haois, le hinscne, le haicme shóisialta agus le dáileadh réigiúnach. Chloígh an plé féin le prionsabail an daonlathais dhioscúrsaigh, lena n-áirítear trédhearcacht, cóimheas agus comhionannas glóir. Saincheisteanna a bhain le **cothromaíocht, ceartas aeráide agus ceartas sóisialta a bhí i gcion suntasach de na haighneachtaí poiblí a fuarthas roimh an imeacht.**



Cóir agus ceartas  
**Tá rannpháirtíocht iomlán oscailte**

Dhírigh an tionól ar an gcaoi ar cheart don Stát aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. **Pléadh leis sin ar bhealach iomlánaíoch, lena n-áirítear na hearnálacha iompair, fuinnimh agus talmhaíochta (agus a rialú).** Ba ghné lárnach é fuinneamh mar sin féin, cé nár ghné eisiach é.



Inbhuanaitheacht comhshaoil  
**Tá inbhuanaitheacht comhshaoil mar chuid den phróiseas; is iad cúrsaí fuinnimh an príomhfhócas fós**



## Tuilleadh faisnéise



[twitter.com/CitizAssembly](https://twitter.com/CitizAssembly)



[2016-2018.citizensassembly.ie](https://2016-2018.citizensassembly.ie)



[info@citizensassembly.ie](mailto:info@citizensassembly.ie)



### Tagairtí

- Devaney, L., Torney, D., Brereton, P. agus Coleman, M. (2020a). Ireland's Citizens' Assembly on Climate Change: Lessons for Deliberative Public Engagement and Communication [Tionól Saoránach na hÉireann maidir leis an Athrú Aeráide: Ceachtanna do Rannpháirtíocht Phoiblí agus Cumarsáid Bhreithniúcháin]. *Environmental Communication*, 14:2, 141-146.
- Devaney, L., Torney, D., Brereton, P. agus Coleman, M. (2020b). Deepening Public Engagement on Climate Change: Lessons from the Citizens' Assembly [Nearthú na Rannpháirtíochta Poiblí i ndáil leis an Athrú Aeráide: Ceachtanna ón Tionól Saoránach]. *An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Tuarascáil Uimh.314*. URL: [https://www.epa.ie/publications/research/climate-change/Research\\_Report\\_314.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/climate-change/Research_Report_314.pdf) (Arna cheadú an 11.3.2023).
- An Tionól Saoránach (2018). Third Report and Recommendations of the Citizens' Assembly 'How the State Can Make Ireland a Leader in Tackling Climate Change' [Tríú Tuarascáil agus Moltaí an Tionóil Saoránach 'Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide']. URL: <https://2016-2018.citizensassembly.ie/en/How-the-State-can-make-Ireland-a-leader-in-tackling-climate-change/Final-Report-on-how-the-State-can-make-Ireland-a-leader-in-tackling-climate-change/> (Arna cheadú an 11.3.2023).
- Agallamh le duine amháin a bhí bainteach leis an gcás
- Vadovics, E., Szóllóssy A., agus Vadovics K. (2023). Introduction and Methodology for the EnergyPROSPECTS Detailed Case Summary Reports [Réamhrá agus Modheolaíocht do Thuarascálacha Achoimre Cáis Mionsonraithe EnergyPROSPECTS]. *EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation)* [EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)]. Zenodo. <https://doi.org/10.5281/zenodo.10075408>



### Foinse na n-íomhánna

[twitter.com/CitizAssembly](https://twitter.com/CitizAssembly)



### Údair na gcás-staidéar

**Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:**  
Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

**Achoimre an chás-staidéir arna hullmhú ag:**  
Anita Szöllőssy agus Edina Vadovics, GreenDependent Institute

**Profáil arna déanamh ag** Simon Milton

## Comhpháirtithe EnergyPROSPECTS

**Ollscoil na Gaillimhe (GAL)**  
Bóthar na hOllscoile, H91 TK33, Gaillimh, Éire



**Université libre de Bruxelles (ULB),**  
Avenue Franklin Roosevelt 50-1050, An Bhruiséil, An Bheilg



**GreenDependent Institute (GDI),**  
2100 Gödöllő, Éva u. 4., An Ungáir



**Universiteit Maastricht (UM),**  
Minderbroedersberg 4-6, 6200 MD, Maastricht, An Ísiltír



**Applied Research and Communications Fund (ARC Fund),**  
Sráid Alexander Zhendov 5, 1113, Sóifia, An Bhulgáir



**Notre Europe – Institut Jacques Delors (JDI),**  
18, rue de Londres 75009, Páras, An Fhrainc



**Ollscoil na Laitvia (UL),**  
Raiņa bulvāris 19, LV-1586, Ríge, An Laitvia



**Technische Universität Berlin (TUB),**  
Straße des 17. Juni 135, 10623, Beirlín, An Ghearmáin



**Universidade da Coruña (UDC),**  
Rúa da Maestranza 9, 15001 A Coruña, An Spáinn





## Comhairliúchán Poiblí EirGrid: Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú



### Achoimre

Tá cúram tugtha ag rialtas na hÉireann d'EirGrid, an t-oibritheoir tarchurtha cumhachta leictrí faoi úinéireacht an stáit in Éirinn, an eangach leictreachais a ullmhú i ndúil le 80% de leictreachas na hÉireann a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030, mar a bheartaítear i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais (2019). Tugtar breacchuntas ar an bplean chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin sa straitéis 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú', inar cuireadh ceithre chur chuige éagsúla i ndáil le forbairt na heangaí i láthair. Mar gheall ar an tionchar ardleibhéil a bheidh ag an aistriú sin agus a chlaochlaithí a bheidh sé, chuir EirGrid próiseas comhairliúcháin náisiúnta chun feidhme i bhfoirm roinnt ceardlann ar líne agus ardán comhairliúchán ar líne chun feabhas a chur ar an gcomhpháirteachas leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara uile.

### Cén fáth gur cás saoránachta fuinnimh é?

Tá saoránacht fuinnimh ag baint leis an gcás toisc gur ligeadh, leis an bpróiseas comhairliúcháin a reáchtáil EirGrid, do shaoránaigh aonair a gcuid tuairimí agus dearchtaí a chur in iúl i ndáil le forbairt na heangaí mar phríomhábhar fuinnimh. Cé nach bhfuil siad éigeantach ar bhonn foirmiúil, cuireadh torthaí an phróisis comhairliúcháin san áireamh sa phleanáil d'fhorbairt na heangaí.



DIRECT ENERGY  
PRODUCTION /  
CONSUMPTION



INDIVIDUAL



## Spriocanna


1. Tuiscint a fháil ar dhearcthaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh agus pobail, ar na ceithre chur chuige arna bhforbairt ag EirGrid i ndáil leis an gcaoi chun eangach na hÉireann a fhorbairt chun sprioc leictreachais ghlain 2030 a chomhlíonadh, agus roghanna na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis na ceithre chur chuige sin.
2. Tuiscint a fháil ar na nithe a imríonn tionchar ar na dearcthaí sin, lena n-áirítear na toimhdí foluiteacha, próifílí riosca a bhaineann leis na tograí agus comhbhabhtálacha i roghanna na bpáirtithe leasmhara.

Dearadh na gníomhaíochtaí comhpháirteachais chun ceithre phríomhcheist taighde a fhreagairt:

- Céard a cheapann páirtithe leasmhara faoi na tograí do gach sruth oibre?
- Céard iad na tograí is fearr leo, agus cén fáth?
- Céard é coinníollacht a gcuid dearcthaí?
- Céard iad na luachanna, spreagthóirí agus teachtaireachtaí a imríonn tionchar ar a gcuid dearcthaí, agus conas?

## An scéal agus an tíopeolaíocht

Mar chuid den straitéis ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’, rinneadh an próiseas comhairliúcháin in 2021, tar éis d’EirGrid é a ullmhú in 2020. Le linn an ama sin, ní dhearnadh aon athrú ó bhonn ar an rogha cur chuige. Toisc gur tosaíodh an tionscnamh laistigh den eagraíocht, bhí sé ina shampla de shaoránacht fuinnimh a bhí leabaithe go heagraíochtúil. Nuair a d’aistrigh an bhéim chuig dul i gcomhairle le saoránaigh agus páirt a thabhairt dóibh sa phróiseas, rinneadh gníomhú poiblí de.



*Achoimre ar stair an cháis*



## Céim 1: Ullmhú an chomhairliúcháin, 2020

Sa chéad chéim d’ullmhú an chomhairliúcháin rinneadh a lán machnaimh ar dhearadh an phróisis. Príomhghné de sin ná comhar le roinnt eagraíochtaí comhpháirtíochta (m.sh. Nasc Tuaithe na hÉireann, Comhairle Náisiúnta na nÓg) chun saineolas seachtrach a fháil agus chun a chinntiú go bhféadfaí imeachtaí comhairliúcháin éagsúla a chur chun feidhme go neamhspleách.

Is féidir a thuiscint go raibh an phríomhfhoirm de shaoránacht fuinnimh sa chéim sin leabaithe go heagraíochtúil laistigh d’EirGrid féin (mar a léirítear sa phríomhchineál idéalach, cineál 3), a léiríodh le comhphárteachas daoine laistigh d’EirGrid a thacaigh le leathnú agus cur chun feidhme

comhphárteachais saoránach fhiúntaigh. Cothaíodh leis sin athrú meoin laistigh den eagraíocht, is é sin EirGrid, i dtreo oscailteachta i ndáil le hionchur ó chomhairliúcháin phoiblí.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	<b>3. Do their bit (within organizations)</b>	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	8. Go ahead	10. Make their claims

### Príomhchineál: A gcion féin a dhéanamh (laistigh d’eagraíochtaí hibrideacha)

Toradh athshlánaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil

## Céim 2: Cur chun feidhme an tionscadail, 2021

Sa chéim cur chun feidhme, d’oibrigh EirGrid i gcomhpháirt le roinnt eagraíochtaí in imeacht 14 seachtaine, lena n-áirítear:

- teagmháil a dhéanamh le breis agus 30 údarás áitiúil;
- sé cheardlann pobail tuaithe a réachtáil (ar fhreastail breis agus 300 duine orthu);
- tionól daoine óga náisiúnta agus seacht n-imeacht réigiúnacha do dhaoine óga a réachtáil chomh maith le...
- dhá fhóram náisiúnta don tsochaí shibhialta;
- idirphlé breithniúcháin/tionól saoránach in Éirinn, agus
- imeacht do dhaoine óga in éineacht le TEDxStormont i dTuaisceart Éireann.
- Anuas air sin, fuair sé breis agus 500 aighneacht tríd an ardán ar líne.

Bailíodh an t-aiseolas sin ar leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe sin agus ba é an comhairliúchán poiblí agus an clár comhphárteachais ba mhó a rinneadh san earnáil sin in Éirinn riamh.

Maidir leis an bpríomhfhoirm de ghníomhú saoránachta fuinnimh a bhaineann leis an dara céim sin, aicmítear é mar ghníomhú poiblí, arna léiriú ag saoránaigh a bhí páirteach sna formáidí comhairliúcháin éagsúla.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	<b>5. Make their voice heard</b>	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	8. Go ahead	10. Make their claims

### Príomhchineál: A dtuairim a chur in iúl

Toradh athshlánaitheach / Gníomhú poiblí

### Céim 3: Bearta leantacha, 2022-2023

Deir EirGrid gur éirigh leis an gcomhairliúchán toisc gur tugadh réimse leathan dearchtaí agus tuairimí dó ón tsochaí agus ón tionscal a chabhraigh leis bealach chun tosaigh a shoiléiriú. Chuir sé sin le forbairt an Treochláir maidir lenár dTodhchaí Fuinnimh a Mhúnlú.

Mar fhreagairt ar an bpríomh-aiseolas ón gcomhairliúchán, tá níos mó aitheantais tugtha ag EirGrid do ról na bpobal agus cothú gnéithe lárnacha rannpháirtíochta den treochlár tar éis an tionscadail.

Chun leanúint den rannpháirtíocht sin, tá sraith taispeántas taistil maidir le saoránacht fuinnimh

eagraithe ag EirGrid chun pobail áitiúla agus saoránaigh a chur ar an eolas maidir leis an treochlár mar thoradh den chomhairliúchán.

Níor tháinig aon athrú ar an gcineál idéalach saoránachta fuinnimh le linn na céime sin.

	Individual			Collective	
<b>Reformative</b>	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	<b>5. Make their voice heard</b>	7. Do their share	9. Do the job
<b>Transformative</b>	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	8. Go ahead	10. Make their claims

**Príomhchineál: A dtuairim a chur in iúl**  
Toradh athshlánaitheach / Gníomhú poiblí



## Gnéithe na saoránachta fuinnimh

Mhúnláigh saineolaithe seachtracha an próiseas comhairliúcháin, m.sh. nuair a leag siad béim ar ról na bpobal fuinnimh. Dúirt rannpháirtithe sa chomhairliúchán **gur mhaith leo tuilleadh comhpháirteachais lasmuigh den tionscadal áirithe seo agus níos mó rannpháirtíochta poiblí go ginearálta sa chinnteoireacht thábhachtach maidir le todhchaí fuinnimh na hÉireann.**

**Cumhacht/smacht na saoránach  
Is féidir le saoránaigh a dtuairimí a chur in  
iúl, ach ní gá ceann a thabhairt dá gcuid  
tuairimí**



Maidir le cúlra an phróisis comhairliúcháin, rinneadh machnamh maidir leis an gcaoi ar cheart d'EirGrid aghaidh a thabhairt ar fhorbairt na heangaí chun gurbh fhéidir Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a chur chun feidhme ar an mbealach ab fhearr. **Áirítear leis sin comhlíonadh na sprice d'astaíochtaí carbóin glan-nialasacha faoi 2050.**


**Teorainn charbóin  
Aithint fhollasach agus lua/cuspóir i ndáil  
leis an lorg carbóin uasta a bhaint amach**



Cé gurbh fhéidir a bheith páirteach sa chomhairliúchán ar bhonn 'cuididh' amháin, **díríodh go príomha ar ghlór na saoránach, na bpobal agus páirtithe leasmhara eile a ardú.** Rinneadh machnamh suntasach chun a chinntiú go raibh comhpháirteachas saoránach forleathan agus go raibh tionchar fiúntach aige. Áiríodh air sin comhpháirtíocht le gníomhaithe seachtracha, i ndáil le cur i láthair na ndearcthaí agus le heagrú na gcomhairliúchán le réimse grúpaí páirtithe leasmhara.



**Todhchaí fuinnimh dhaonlathach  
Meastar gur luach dearfach é an daonlathas  
fuinnimh, ach tá sé teoranta do dhaonlathas  
fuinnimh foirmiúil fós**



Rinne EirGrid iarracht faoi leith chun a chinntiú go mbeadh an comhairliúchán oscailte agus inrochtana. **D'fhéadfadh cách páirt a ghlacadh tríd an ardán comhairliúcháin ar líne, gan aon bhacainn rompu.** Cuireadh ionchuimsitheacht fhorleathan chun cinn 1) nuair a chuathas i gcomhpháirt leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh chun a chinntiú go mbeadh an teanga inrochtana do gach léitheoir, 2) nuair a chuathas i gcomhpháirt le Nasc Tuaithe na hÉireann chun ionadaíocht ar phobail tuaithe a chinntiú agus le Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn chun ionadaíocht ar dhaoine óga a chinntiú.



**Cóir agus ceartas  
Tá rannpháirtíocht iomlán oscailte**

Mar gheall ar an bhfócas ar fhorbairt na heangaí leictreachais, níor díríodh go mór ar inbhuanaitheacht comhshaoil. **Níor úsáideadh aon táscaire chun inbhuanaitheacht comhshaoil a léiriú nuair a leagadh amach saintréithe na gceithre chás a úsáideadh mar bhonn don phróiseas comhairliúcháin.** Sna ceardlanna pobail tuaithe, luaigh na daoine a d'fhreastail orthu saincheisteanna comhshaoil a bhain le feirmeacha gaoithe, a léiríodh mar ní uafásach don daonra éan i réigiúin áirithe.

**Inbhuanaitheacht comhshaoil  
Ní chuirtear saincheisteanna a bhaineann leis  
an inbhuanaitheacht comhshaoil san áireamh  
go follasach**





## Tuilleadh faisnéise



[consult.eirgrid.ie](https://consult.eirgrid.ie)



[consult@eirgrid.ie](mailto:consult@eirgrid.ie)



### Tagairtí

- EirGrid, SONI (2021a). Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú - Treochlár chun ár n-uailmhian in-athnuaithe a bhaint amach. URL: [https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Shaping\\_Our\\_Electricity\\_Future\\_Roadmap.pdf](https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Shaping_Our_Electricity_Future_Roadmap.pdf) (Arna cheadú an 11.3.2023).
- EirGrid & SONI (2021b). Shaping our Electricity Future - Key Consultation Documents Technical Report [Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú - Tuarascáil Theicniúil ar na Príomhdhoiciméid Chomhairliúcháin]. URL: <https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Full-Technical-Report-on-Shaping-Our-Electricity-Future.pdf> (Arna cheadú an 11.3.2023).
- Flynn, M., Condell, K., Fraser, M., agus Bollen, A. (2021). Shaping Our Electricity Future - Consultation and Engagement Report [Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú - Tuarascáil Comhairliúcháin agus Comhphárteachais]. Traverse. URL: [https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Shaping\\_Our\\_Electricity\\_Future\\_EirGrid\\_Consultation\\_and\\_Engagement\\_Report.pdf](https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Shaping_Our_Electricity_Future_EirGrid_Consultation_and_Engagement_Report.pdf) (Arna cheadú an 11.3.2023).
- Agallamh le duine de cheannairí an cháis
- Vadovics, E., Szöllőssy A., agus Vadovics K. (2023). Introduction and Methodology for the EnergyPROSPECTS Detailed Case Summary Reports [Réamhrá agus Modheolaíocht do Thuarascálacha Achoimre Cáis Mionsonraithe EnergyPROSPECTS]. EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation) [EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)]. Zenodo. <https://doi.org/10.5281/zenodo.10075408>



### Foinse na n-íomhánna

[consult.eirgrid.ie](https://consult.eirgrid.ie)



### Údair na gcás-staidéar

**Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:**  
Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

**Achoimre an chás-staidéir arna hullmhú ag:**  
Anita Szöllőssy agus Edina Vadovics, GreenDependent Institute

## Comhpháirtithe EnergyPROSPECTS

### Ollscoil na Gaillimhe (GAL)

Bóthar na hOllscoile, H91 TK33, Gaillimh, Éire



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

### Université libre de Bruxelles (ULB),

Avenue Franklin Roosevelt 50-1050, An Bhruiséil, An Bheilg



UNIVERSITÉ  
LIBRE  
DE BRUXELLES

### GreenDependent Institute (GDI),

2100 Gödöllő, Éva u. 4., An Ungáir

gr<sup>een</sup>dependent  
Institute

### Universiteit Maastricht (UM),

Minderbroedersberg 4-6, 6200 MD, Maastricht, An Ísiltír



Maastricht University

### Applied Research and Communications Fund (ARC Fund),

Sráid Alexander Zhendov 5, 1113, Sóifia, An Bhulgáir

ARCFUND

### Notre Europe – Institut Jacques Delors (JDI),

18, rue de Londres 75009, Páras, An Fhrainc

NOTRE  
EUROPE  
Jacques Delors Institute  
Penser l'Europe • Thinking Europe • Europa denken

### Ollscoil na Laitvia (UL),

Raiņa bulvāris 19, LV-1586, Ríge, An Laitvia



UNIVERSITY  
OF LATVIA

### Technische Universität Berlin (TUB),

Straße des 17. Juni 135, 10623, Beirlín, An Ghearmáin

Technische  
Universität  
Berlin

### Universidade da Coruña (UDC),

Rúa da Maestranza 9, 15001 A Coruña, An Spáinn



UNIVERSIDADE  
DA CORUÑA



## Pobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann (ECTC)



### Achoimre

Le Pobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann ECTC, tugtar le chéile 14 phobal i gceantar Thiobraid Árann. Is é is aidhm dó é a chur ar a gcumas do phobail i dThiobraid Árann agus sna ceantair máguaird fostaíocht áitiúil a chruthú agus tairbhe a bhaint as a loirg charbóin a laghdú agus as fuinneamh faoi úinéireacht an phobail a ghiniúint. Éascaíonn ECTC obair éifeachtúlachta fuinnimh ar sheantithe agus ar fhoirgnimh an phobail le deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus ón gCiste um Aistriú Cóir.

### Cén fáth gur cás saoránachta fuinnimh é?

Léiríonn ECTC comhghníomhú an chomhpháirteachais phoiblí. Tháinig sé chun cinn ina thionscnamh pobail agus tá sé tar éis gníomhachtú agus tacaíocht a thabhairt do phobail eile a bheith gníomhach – comharchumann pobal. Díríonn ECTC go príomha ar aisfheistiú tithe chun éifeachtúlacht a fheabhsú.



DIRECT ENERGY  
PRODUCTION /  
CONSUMPTION



RURAL



COLLECTIVE

## Spriocanna

Ar an iomlán, is é is aidhm do ECTC ‘*ligean do phobail i dTiobraid Árann agus sna ceantair máguaird fostaíocht áitiúil a chruthú chomh maith le tairbhe pobail a bhaint as a loirg charbóin a laghdú agus as fuinneamh faoi úinéireacht an phobail a ghiniúint.*’ Leis sin, féachann sé lena fhís a bhaint amach, is é sin ‘aistriú fuinnimh faoi stiúir an phobail, a théann chun tairbhe pobal, a chruthaíonn tithe níos teo agus níos sláintiúla, fad a shábhálann úinéirí tí airgead, a chabhraíonn le dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus a cl



nua a chruthú i saol tar éis COVID’ (Máistirphlean Fuinnimh).

Ar bhealach níos nithiúla, áirítear ar spriocanna ECTC:

1. Cumasú saoránach lena gcabhraítear le pobail a bheith níos láidre, go háirithe i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as fuinneamh;
2. Éifeachtúlacht fuinnimh agus giniúint fuinnimh a úsáid mar bhealach agus mar thiománaí chun tairbhe eacnamaíoch áitiúil a bhaint amach;
3. Airgead agus poist a choinneáil sa cheantar, lena gcruthaítear fostaíocht

## An scéal agus an tíopeolaíocht

Ó tháinig ECTC chun cinn in 2012, is féidir ceithre chéim a dhéanamh amach in éabhlóid na saoránachta fuinnimh. Maidir le foirmiú an cháis i gCéim 1, léiríodh é le gníomhú a bhí leabaithe in eagraíocht eile, ach ó shin i leith is iad comhghníomhú agus gníomhú bunaithe sa phobal atá sa phríomhfhóirm gníomhaithe (a aicmítear mar Chineál 8 i dtíopeolaíocht EnergyPROSPECTS). Baineann an t-idirdhealú idir céimeanna 2-4 le tosca eile, mar a mhínítear thíos.

**Cineál 4: É a dhéanamh ar a mbealach féin**  
(laistigh d’eagraíochtaí hibrídeacha)  
Toradh claochlaitheach /  
Gníomhú aonair



2012

**Cineál 8: Treallúsach**  
Toradh claochlaitheach /  
Comhghníomhú



2014

**Cineál 8: Treallúsach**  
Toradh claochlaitheach /  
Comhghníomhú



2019

**Cineál 1: A gcion féin a dhéanamh**



**Cineál 4: É a dhéanamh ar a mbealach féin**



**Cineál 1: A gcion féin a dhéanamh**



**Cineál 4: É a dhéanamh ar a mbealach féin**



Achoimre ar stair an cháis

Chun an  
mhodheolaíocht  
achomhair a  
fháil, cliceáil  
ANSEO!



Céim 1: Teacht chun cinn an cháis agus a bhunú mar chomharchumann, 2012 - 2014

Bhí bunús an cháis nasctha le foireann pobail a bhí ag fiosrú bealaí chun feabhas a chur ar fhorbairt eacnamaíoch an cheantair. Is mar thionscadal píolótach de Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann a reáchtáladh an eagraíocht a bhí ag teacht chun cinn, agus bhain ceithre phobal leis.

Mar gheall ar an bhfócas ar chúrsaí fuinnimh agus ar aisfheistiú, cuireadh ECTC ar bun mar thionscnamh eagraithe faoi thiomáint saoránach i bhfoirm comharchumainn in 2014.

	Individual			Collective	
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	<b>4. Do it their way (within organizations)</b>	6. Make their vote count	8. Go ahead	10. Make their claims

**Príomhchineál: É a dhéanamh ar a mbealach féin**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil

Céim 2: Forbairt ó ghníomhú aonair chuig comhghníomhú, 2014 - 2019

Ba é bunú an chomharchumainn tús an dara céim. Leis sin bhí athrú soiléir ó ghníomhú a bhí leabaithe go heagraíochtúil chuig comhghníomhú nua i bhfoirm an chomharchumainn nuabhunaithe (cf. an tsaighead san fhíor). Fad a coinníodh a threoshuíomh toraidh chlaochlathigh ginearálta, treisíodh é sin leis an líon pobal a chuaigh isteach sa chomharchumann, líon a bhí ag dul i méid go leanúnach, rud a d'fhág gur ghá struchtúr rialachais inmheánach oiriúnach a mhúnlú.

An tráth céanna, bhí ról fós ag an ngníomhú a bhí leabaithe go heagraíochtúil, a dtugtar cur síos air, i gCéim 1, tar éis bunú ECTC mar chomharchumann oifigiúil fiú, go háirithe sna pobail a chuaigh leis in imeacht na mblianta. Is iondúil go bhforbraíonn na pobail nua baill sin obair grúpaí pobail eile atá ann cheana agus a bhfuil fócas eile acu, m.sh. grúpaí na mbailte slachtmhara, foirne forbartha áitiúla, srl., nó tagann na baill nua sin as na grúpaí sin. Thairis sin, d'éirigh an gníomhú príobháideach laistigh de theaghlaigh ina fhoirm eile de ghníomhú

tánaisteach. Toisc go mbaianeann príomhfhócas ECTC le húsáid a bhaint as deontais le haghaidh aisfheistiú tithe, léiríonn na húinéirí tí rannpháirteacha – ‘spriocphobal’ ghníomhaíochtaí an cháis – a gcuid gníomhaithe nuair a dhéantar na haisfheistithe sin agus nuair a mhaoinítear cuid shuntasach den infheistíocht.

	Individual			Collective	
 Reformative	<b>1. Do their bit (in the household)</b>	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	<b>4. Do it their way (within organizations)</b>	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

**Cineálacha tánaisteacha:**

**É a dhéanamh ar a mbealach féin**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú príobháideach laistigh den teaghlach

**A gcion féin a dhéanamh**


Toradh athshlánaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil

Céim 3: Díriú ar fhuinneamh in-athnuaite agus a bheith ina phointe teagmhála dílis i ndáil le comhpháirteachas pobail, 2019 -2023 agus ar lean

Fad atá sé fós ag fás a mhéid a bhaineann leis an líon pobal atá ina mbaill, sa tríú céim (leantach), tá dul chun cinn déanta ag ECTC ar dhá bhealach shuntasacha. I dtús báire, leathnaigh sé a fhócas chun na rólí cheannaireachta nua a chuimsiú trí scrúdú a dhéanamh ar na roghanna do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite faoi úinéireacht an phobail, le forbairt Máistirphlean Fuinnimh thar aon ní eile. Ar an dara dul síos, tá ECTC ina phointe teagmhála dílis d’Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) – gníomhaireacht arna maoiniú ag an rialtas – i ndáil le comhairle beartais a sholáthar agus cláir a chur chun feidhme. Tá dlisteanacht bainte amach ag ECTC mar gheall ar a chuid saineolais agus an obair atá déanta aige ‘ar an talamh’ i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le comhpháirteachas pobail i rialachas a bhaineann le cúrsaí fuinnimh

Thairis sin, tá sé beartaithe ag ECTC dul i gcomhar le comhairlí áitiúla, go háirithe agus faisnéis á soláthar do chónaitheoirí agus dá bpobail.

Le linn na céime sin, níor tháinig athrú ó bhonn ar léiriú an ghníomhaithe saoránachta fuinnimh.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	<b>1. Do their bit (in the household)</b>	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	<b>4. Do it their way (within organizations)</b>	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

**Cineálacha tánaisteacha:**

**É a dhéanamh ar a mbealach féin**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú príobháideach laistigh den teaghlach

**A gcion féin a dhéanamh**

Toradh athshlánaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil



## Gnéithe na saoránachta fuinnimh

Sa chás seo, tá cumhacht/smacht saoránaigh ina príomhghné, in éineacht le **codanna d'fhéinrialú**. Luaitear **'creideamh agus muinín i ndaoine'** agus **'prionsabail an chomhair pobail agus an fhéineagraithe'** mar chroíluachanna. Tá an comharchumann comhdhéanta de phobail áitiúla, a ndéanann comhairlí pobail áitiúla agus cumainn forbartha áitiúla ionadaíocht orthu, a meastar iad a bheith ina n-institiúidí daonlathacha de ghnáth.

Cumhacht/smacht na saoránach  
**Tá smacht éifeachtach ag saoránaigh,  
agus ní mór a vótaí a chur san áireamh**



Mar is amhlaidh i gcás na sprice 'inbhuanaitheacht comhshaoil', ní luaitear teorainneacha comhshaoil ná loirg charbóin go díreach i spriocanna na heagraíochta ach cuirtear iad san áireamh le hadmháil spriocanna rialtas na hÉireann agus is comhthéacs tábhachtach don chás seo iad.


Teorainn charbóin  
**Aithint intuigthe na teorann carbóin**



Is é is aidhm don tionscadal **córas fuinnimh níos daonlathaí, agus níos neamhthuilleamaíche san fhadtéarma, a chruthú ach pobail áitiúla a neartú go sóisialta agus go heacnamaíoch, ar an gcéad dul síos, agus le cur chun cinn agus cumasú úinéireacht phobail an fhuinnimh in-athnuaite san fhadtéarma, ar an dara dul síos**. Cuireann sé go gníomhach le forbairt feasachta fuinnimh, laghdú tearcrochtana fuinnimh, neartú pobal agus tairbhí airgeadais a sholáthar go háitiúil.



Todhchaí fuinnimh dhaonlathach  
**Croí-ábhar den chás is ea todhchaí fuinnimh  
níos daonlathaí, agus tá sí mar chuid den fhís**



Tagraíonn an cás do **phríomhghnéithe an cheartais agus na córa, go háirithe iad siúd a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh**. Tháinig sé as staid tar éis na géarchéime airgeadais i ndiaidh 2008, a rinne an-difear do réigiún Thiobraid Árann. Bhí bearta spárála fuinnimh arna gcur chun feidhme i gcomhthéacs ECTC ar cheann de na bealaí a úsáideadh chun an t-ualach eacnamaíoch a laghdú agus beocht a chur i ngeilleagair áitiúla. Tugtar aghaidh ar an tearcrochtain fuinnimh go sonrach. Mar sin féin, tugtar léargas ar shaincheisteanna a bhaineann le ceartas agus cóir de réir fhócas geografach an cháis.



Cóir agus ceartas  
**Tugtar rochtain chothrom, ach tá sí teoranta  
de thoradh critéir éagsúla**

Is é príomhréasúnaíocht an cháis ná bearta a bhaineann le fuinneamh a úsáid le haghaidh forbairt áitiúil (eacnamaíoch). **Aithnítear gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil agus tá siad mar chuid den spreagadh, ach ní gá iad a bheith ina ngnéithe lárnacha**. Aithnítear toimhdí maidir leis na tairbhí le haghaidh na hinbhuanaitheachta a bhaineann le húsáid fuinnimh in-athnuaite (i gcomparáid le fuinneamh bunaithe ar bhreosla iontaise), ach ní dhearnadh príomhspríocanna astu.



Inbhuanaitheacht comhshaoil  
**Ní chuirtear saincheisteanna a bhaineann leis  
an inbhuanaitheacht comhshaoil san áireamh  
go follasach**



## Tuilleadh faisnéise



[facebook.com/EnergyCommunitiesTipp](https://www.facebook.com/EnergyCommunitiesTipp)

[www.youtube.com/channel/UCwRW3ZO3zillyIkW1gamc9Q](https://www.youtube.com/channel/UCwRW3ZO3zillyIkW1gamc9Q)



[energycommunitiestipp.ie](https://energycommunitiestipp.ie)



[info@energycommunitiestipp.ie](mailto:info@energycommunitiestipp.ie)



### Tagairtí

- Pobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann (2023). Suíomh Gréasáin Phobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann. URL: <https://energycommunitiestipp.ie/> (Arna cheadú an 11.03.2023).
- TEA Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann (2020). Máistirphlean Phobail Fuinnimh, Comharchumann Thiobraid Árann. URL: <https://energycommunitiestipp.ie/wp-content/uploads/2021/02/Local-Energy-Master-Plan-ECTC-Community-2021.pdf> (Arna cheadú an 11.03.2023)
- Watson, C., Mullally, G., agus Ó Gallachóir, B. (2015). Community Engagement on Energy Workshop [Ceardlann ar Chomhpháirteachas Pobail maidir le Fuinneamh]. URL: <https://www.marei.ie/wp-content/uploads/2017/05/1.-Community-Engagement-on-Energy-Workshop-Report.pdf> (Arna cheadú an 11.03.2023)
- Agallamh le duine de cheannairí an cháis
- Vadovics, E., Szöllőssy A., agus Vadovics K. (2023). Introduction and Methodology for the EnergyPROSPECTS Detailed Case Summary Reports [Réamhrá agus Modheolaíocht do Thuarascálacha Achoimre Cáis Mionsonraithe EnergyPROSPECTS]. EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation) [EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)]. Zenodo. <https://doi.org/10.5281/zenodo.10075408>



### Foinse na n-íomhánna

[energycommunitiestipp.ie](https://energycommunitiestipp.ie); [facebook.com/EnergyCommunitiesTipp](https://www.facebook.com/EnergyCommunitiesTipp)



### Údair na gcás-staidéar

**Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:**  
Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

**Achoimre an chás-staidéir arna hullmhú ag:**  
Edina Vadovics agus Anita Szöllőssy, GreenDependent Institute



## Comhpháirtithe EnergyPROSPECT

### Ollscoil na Gaillimhe (GAL)

Bóthar na hOllscoile, H91 TK33, Gaillimh, Éire



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

### Université libre de Bruxelles (ULB),

Avenue Franklin Roosevelt 50-1050, An Bhruiséil, An Bheilg



UNIVERSITÉ  
LIBRE  
DE BRUXELLES

### GreenDependent Institute (GDI),

2100 Gödöllő, Éva u. 4., An Ungáir

gr<sup>een</sup>dependent  
Institute

### Universiteit Maastricht (UM),

Minderbroedersberg 4-6, 6200 MD, Maastricht, An Ísiltír



Maastricht University

### Applied Research and Communications Fund (ARC Fund),

Sráid Alexander Zhendov 5, 1113, Sóifia, An Bhulgáir

ARCFUND

### Notre Europe – Institut Jacques Delors (JDI),

18, rue de Londres 75009, Páras, An Fhrainc

NOTRE  
EUROPE  
Jacques Delors Institute  
Penser l'Europe • Thinking Europe • Europa denken

### Ollscoil na Laitvia (UL),

Raiņa bulvāris 19, LV-1586, Ríge, An Laitvia



UNIVERSITY  
OF LATVIA

### Technische Universität Berlin (TUB),

Straße des 17. Juni 135, 10623, Beirlín, An Ghearmáin



Technische  
Universität  
Berlin

### Universidade da Coruña (UDC),

Rúa da Maestranza 9, 15001 A Coruña, An Spáinn



UNIVERSIDADE  
DA CORUÑA



## Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe



### Achoimre

Is eagraíocht é Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe arb é is aidhm dó tacú le soláthar fuinnimh ghlain in-athnuaite agus seirbhísí glana in-athnuaite do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Mar bhall de Líonra Tionscnaimh na bPobal Fuinnimh Inmharthana, tá Máistirphlean Fuinnimh do chathair na Gaillimhe á chomhordú aige agus cuireann sé seirbhísí sainchomhairleoireachta ar fáil.

### Cén fáth gur cás saoránachta fuinnimh é?

Léiríonn Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe comhshaoránacht fuinnimh toisc go bhfuil an comharchumann atá leabaithe go háitiúil rannpháirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis an aistriú fuinnimh i gCathair na Gaillimhe. Baineann sé sin le comhordú agus forbairt máistirphlean fuinnimh don chathair go sonrach.



HOLISTIC



URBAN



COLLECTIVE




## Spriocanna

1. Fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú: Tacú le soláthar fuinnimh ghlain in-athnuaite agus seirbhísí glana in-athnuaite do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird.
2. Táirgeadh fuinnimh a dhaonlathú – láidreacht phobail Chathair na Gaillimhe a mhéadú agus deiseanna fostaíochta áitiúla a fhorbairt.
3. A bheith rannpháirteach leis an bpobal áitiúil i ndáil lena chuid eolais, lena fhuinneamh agus lena shaineolas.

## An scéal agus an tíopeolaíocht

Bunaíodh Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe in 2018. Rinne cur isteach tobann phaindéim COVID-19 difear do mhóiminteam luath an cháis sna blianta ina dhiaidh sin. Tá trí chéim sainaitheanta againn sa chás go dtí seo, dá thoradh sin.



Chun an mhodheolaíocht achomhair a fháil, cliceáil [ANSEO!](#)



**Céim 1: Cruthú agus céim thosaigh, 2018 - 2019**

Nuair a bunaíodh an comharchumann in 2018, shainigh sé spriocanna claochlaitheacha (táirgeadh an fhuinnimh a dhaonlathú). Níor tháinig aon athrú ar na spriocanna sin.

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

**Céim 2: Blianta COVID-19, 2019 - 2021**

Rinneadh difear mór d'fhorbairt an chomhair sna blianta 2019 go 2021 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19, toisc gur chuir sé sin isteach ar mhóiminteam luath an chomharchumainn. Bhí éiginnteacht áirithe sa chéim sin freisin idir na spriocanna fadtéarmacha claochlaitheacha thuasluaite agus físeanna an chomharchumainn ar thaobh amháin (rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí fuinnimh Chathair na Gaillimhe) agus gníomhaíochtaí nithiúla agus spriocanna gearrthéarmacha ar an taobh eile. Bhí na gníomhaíochtaí nithiúla agus spriocanna gearrthéarmacha sin athshlánaitheach den chuid is mó (fócas ar stóráil fuinnimh) agus tháinig siad ó na baill aonair den chomharchumann in ionad an chomharchumainn ina iomláine. Léiríodh leis sin gá le déanamh straitéisí níos bunúsaí chun gníomhaíochtaí nithiúla agus freagrachtaí a dhéanamh de spriocanna fadtéarmacha. Ar an

iomlán, saintréith den chéim sin ba ea léiriú níos follasaí ar shaoránacht fuinnimh aonair laistigh de chomhthéacs an chomharchumainn (in ionad chomhghníomhaíocht an chomharchumainn féin), is féidir a cheangal le Cineál Idéalach 4 de réir thíopeolaíocht EnergyPROSPECTS.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach

**Cineál tánaisteach: É a dhéanamh ar a mbealach féin**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú atá leabaithe go heagraíochtúil



Céim 3: Staid reatha, 2021 -

I gCéim 3, ó bhí 2021 ann, bhí an comharchumann ag obair chun an móiminteam a bhaint amach arís tar éis bhlianta COVID-19. Sa chomhthéacs a bhaineann le ceardlanna comhpháirteachais pobail a dhéanamh i gCathair na Gaillimhe, obair a dhéanamh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun zón dícharbónaithe a chruthú, agus máistirphlean fuinnimh a fhorbairt, tá an comharchumann anois ag cruthú struchtúir inmheánacha lena gcinnteofar a chumas chun gníomhú agus an treoir straitéiseach a bhfuil gá léi don todhchaí a sholáthar.

	Individual			Collective	
					
 Reformative	1. Do their bit (in the household)	3. Do their bit (within organizations)	5. Make their voice heard	7. Do their share	9. Do the job
 Transformative	2. Do their own (in the household)	4. Do it their way (within organizations)	6. Make their vote count	<b>8. Go ahead</b>	10. Make their claims

**Príomhchineál: Treallúsach**

Toradh claochlaitheach / Gníomhú bunaithe ar an saoránach agus gníomhú hibrideach



## Gnéithe na saoránachta fuinnimh

Léirítear leis an gcás leibhéal arda smachta saoránach toisc go n-eagraítear é i bhfoirm dhlíthiúil **comharchumainn, a oibríonn de réir prionsabail dhaonlathacha**. Le cur chun feidhme ceardlann comhpháirteachais pobail léirítear freisin go bhfuil **rannpháirtíocht mhór saoránach agus cónaitheoirí beartaithe** ag an gcomharchumann dá ghníomhaíochtaí, le ceardlanna comhpháirteachais pobail thar aon ní eile.

Cumhacht/smacht na saoránach  
**Tá smacht éifeachtach ag saoránaigh,  
agus ní mór a vótaí a chur san áireamh**



Is é an príomhfhócas atá ag GEC ná fuinneamh in-athnuaite áitiúil a leathnú chun **feabhas a chur ar láidreacht an phobail agus chun astaíochtaí carbóin agus an t-athrú aeráide a mhaolú**. Ar cheann de na príomhspríocanna tá 'fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú'. Thairis sin, tugtar aitheantas follasach do theorainneacha comhshaoil in obair an chomharchumainn – i ndáil lena **rannpháirtíocht i 'zóin dícharbónaithe'**, mar shampla, lena sainordaítear cainníocht nithiúil laghduithe astaíochtaí.

Teorainn charbóin  
**Aithint fhollasach na teorann carbóin**




Liostaítear daonlathú an chórais fuinnimh ar **cheann de ceithre phríomhspríoc** GEC agus baineann sé go dlúth le fíс fhadtéarmach an chomharchumainn.

Is éard atá i gceist le 'daonlathú an fhuinnimh' **an sciar den ídiú fuinnimh a ghintear go háitiúil ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú**, i bhfoirm an uath-ídithe, ag comharsana nó trí fhoinsí áitiúla eile.



Todhchaí fuinnimh dhaonlathach

**Croí-ábhar den chás is ea todhchaí fuinnimh níos daonlathaí, agus tá sí mar chuid den fhís**



Tá rochtain ar an gcomharchumann oscailte don phobal. Tá cúigear ball ann faoi láthair. Mionspríoc de na himeachtaí for-rochtana pobail ná baill nua a spreagadh. Thairis sin, tagraíonn an comharchumann do na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear na saincheistanna a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh, ionchuimsitheacht agus comhionannas inscne.



Cóir agus ceartas

**Tugtar rochtain chothrom, ach tá sí teoranta de thoradh critéir éagsúla**

Cé gurb iad pobail áitiúla an príomhfhócas, **aithníonn an cás inbhuanaitheacht comhshaoil, agus braitheann sé ar Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe i ndáil lena ghníomh comhpháirteachais pobail**. Cé nach luaitear go follasach í mar spríoc, meastar gur spreagadh tábhachtach í an inbhuanaitheacht comhshaoil. Ar an iomlán, **díríonn an comharchumann ar fuinneamh**, go háirithe fuinneamh in-athnuaite, agus ar aísfheistiú agus éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith ar leibhéal níos lú.

Inbhuanaitheacht comhshaoil

**Tá inbhuanaitheacht comhshaoil mar chuid den phróiseas; is iad cúrsaí fuinnimh an príomhfhócas fós**



## Tuilleadh faisnéise



[facebook.com/GalwayEnergyCoop/](https://facebook.com/GalwayEnergyCoop/)  
[twitter.com/GalwayEnergyCo](https://twitter.com/GalwayEnergyCo)



[www.galwayenergy.coop](http://www.galwayenergy.coop)



[info@galwayenergy.coop](mailto:info@galwayenergy.coop)



### Tagairtí

- GEC Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe (2023) Suíomh Gréasáin Chomharchumann Fuinnimh na Gaillimhe. URL: <https://www.galwayenergy.coop> (Arna cheadú an 11.03.2023)
- GEC Comhairle Cathrach na Gaillimhe (2023a). Zón Dícharbónaithe i gCathair na Gaillimhe – An Taobh Thiar. URL: <https://www.galwaycity.ie/zon-dicharbonu> (Arna cheadú an 11.03.2023)
- GEC Facebook (2023). Próifíl Facebook Chomharchumann Fuinnimh na Gaillimhe. URL: <https://www.facebook.com/GalwayEnergyCoop> (Arna cheadú an 11.03.2023)
- GCC Comhairle Cathrach na Gaillimhe (2023b). Plean Forbartha Eatramhach Chathair na Gaillimhe 2023-2029. URL: <https://www.galwaycity.ie/plean-forbartha-2023-2029> (Arna cheadú an 11.03.2023).
- Agallamh le duine de bhunaitheoirí an cháis
- Vadovics, E., Szóllóssy A., agus Vadovics K. (2023). Introduction and Methodology for the EnergyPROSPECTS Detailed Case Summary Reports [Réamhrá agus Modheolaíocht do Thuarascálacha Achoimre Cáis Mionsonraithe EnergyPROSPECTS]. EnergyPROSPECTS (PROactive Strategies and Policies for Energy Citizenship Transformation) [EnergyPROSPECTS (Straitéisí Réamhghníomhacha agus Beartais do Chlaochlú Saoránachta Fuinnimh)]. Zenodo. <https://doi.org/10.5281/zenodo.10075408>



### Foinse na n-íomhánna

[www.galwayenergy.coop](http://www.galwayenergy.coop)



### Údair na gcás-staidéar

**Léarscáiliú agus taighde cáis mionsonraithe arna dhéanamh ag:**  
Benjamin Schmid, Ollscoil na Gaillimhe

## Comhpháirtithe EnergyPROSPECTS

### Ollscoil na Gaillimhe (GAL)

Bóthar na hOllscoile, H91 TK33, Gaillimh, Éire



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

### Université libre de Bruxelles (ULB),

Avenue Franklin Roosevelt 50-1050, An Bhruiséil, An Bheilg



UNIVERSITÉ  
LIBRE  
DE BRUXELLES

### GreenDependent Institute (GDI),

2100 Gödöllő, Éva u. 4., An Ungáir

grEen  
independent  
Institute

### Universiteit Maastricht (UM),

Minderbroedersberg 4-6, 6200 MD, Maastricht, An Ísiltír



Maastricht University

### Applied Research and Communications Fund (ARC Fund),

Sráid Alexander Zhendov 5, 1113, Sóifia, An Bhulgáir

ARCFUND

### Notre Europe – Institut Jacques Delors (JDI),

18, rue de Londres 75009, Páras, An Fhrainc

NOTRE  
EUROPE  
Jacques Delors Institute  
Penser l'Europe • Thinking Europe • Europa denken

### Ollscoil na Laitvia (UL),

Raiņa bulvāris 19, LV-1586, Ríge, An Laitvia



UNIVERSITY  
OF LATVIA

### Technische Universität Berlin (TUB),

Straße des 17. Juni 135, 10623, Beirlín, An Ghearmáin



Technische  
Universität  
Berlin

### Universidade da Coruña (UDC),

Rúa da Maestranza 9, 15001 A Coruña, An Spáinn



UNIVERSIDADE  
DA CORUÑA